



## Bealtaine 2019

### Cuireadh le bheith rannpháirteach

A chara,

Tá Bord Stiúrtha Ghlór na nGael ag forbairt painéil daoine a bheadh sásta feidhmiú ar Bhord Stiúrtha, ar Choiste Iniúcháireachta Inmheánaí nó ar fho-choistí eile na heagraíochta (a bhunófar ó am go ham).

Ó 2014 tá Glór na nGael aitheanta mar cheanneagraíocht náisiúnta le freagracht ar leith i dtrí réimse oibre; (1) forbairt na Gaeilge sa teaghlach; (2) forbairt na Gaeilge i measc grúpaí pobail agus (3) forbairt na Gaeilge i measc grúpaí fiontraíochta agus gnó.

Tá sé tábhachtach do Bhord Ghlór na nGael go bhfuil réimse leathan daoine, le réimse leathan spéiseanna, ag feidhmiú ar a shon agus ag treorú todhchaí na heagraíochta.

Tá daoine le taithí agus spéis de dhíth le rólanna deonacha ard-leibhéil a líonadh san eagraíocht, ag leibhéal Stiúirthóra, Comhalta Cuideachta agus fo-choistí.

Cuirfear spéis faoi leith roimh dhaoine le taithí oibre agus/nó cúlraí, mar seo a leanas;

- Tuismitheoirí atá ag tógáil clainne le Gaeilge
- Mná
- Lonnaithe sna Sé Chontae (Tuaisceart Éireann)
- Forbairt pobail
- Forbairt na fiontraíochta
- Réimse gnó
- Cúlra cuntasáíochta/airgeadais/iniuchóireachta

### Buntáistí

Cé nach bhfuil aon tuarastal ag dul leis na folúntais seo íocfar costais taistil agus íostas le baill na gcoistí éagsúla.

Taobh le sin, is deis iontach í seo, páirt a ghlacadh i gceann de na heagrais Ghaeilge is mó sa tír agus tionchar a imirt ar a thodhchaí.

Stiúirthóirí: Pat Carey, Cathaoirleach, An tAth. Séamus Ó hÉanaigh, An tAth. Tadhg Furlong, An Dr Máire Ní Annracháin, Damian Ó Néill, An Dr Máire Ní Chíosáin.

Don duine sin atá ag lorg taithí ard-leibhéil, is deis iontach í seo, an taithí sin a fháil.

### Tuilleadh eolais

Más spéis leat a bheith san áireamh, seol litir chuig [lorcan@glornangael.ie](mailto:lorcan@glornangael.ie) ag sonrú cén ról a cheapfá go mbeifeá go maith aige agus an taithí atá agat tabhairt faoi.

Má tá tuilleadh eolais uait, is féidir teagmháil a dhéanamh le Ceannasaí Ghlór na nGael ag [lorcan@glorangael.ie](mailto:lorcan@glorangael.ie) nó ar 00353 87 9790193.



Lorcán Mac Gabhann  
Ceannasaí

Stiúrthóirí: Pat Carey, Cathaoirleach, An tAth. Séamus Ó hÉanaigh, An tAth. Tadhg Furlong, An Dr Máire Ní Annracháin, Damian Ó Néill, An Dr Máire Ní Chíosáin.

Suíomh ghréasáin: [www.glornangael.ie](http://www.glornangael.ie) Fón: +353 46 943 0974



## Eolais bhreise

### Teanga Oibre

Is í an Ghaeilge teanga oibre an Bhoird Stiúrtha agus aon choiste eile a fheidhmíonn lena chead.

### Struchtúr na heagraíochta

#### Comhaltaí

Is iad comhaltaí cuideachta a fheidhmíonn mar úinéirí na gcuideachta. Tagann siad le chéile, uair in aghaidh na bliana, ag Cruinniú Cinn Bliana. Ainmnítear baill an Bhoird Stiúrtha as líon na gcomhaltaí.

Tá dá chomhalta dhéag ag an gCuideachta, mar seo a leanas;

- (a) seisear ainmnithe go díreach ag Cumann na Sagart,
- (b) beirt ó réimse fhorbairt an phobail,
- (c) beirt ó réimse fiontraíochta/eacnamaíochta/tráchtála,
- (d) beirt gur tuismitheoirí iad atá ag tógáil clainne le Gaeilge

Bíonn 25% ar a laghad de na comhaltaí ina gcónaí sa dá dhlínse in Éirinn.

Éiríonn trian de na comhaltaí as oifig gach bliain ach an coibhneas idir an dá dhlínse a choinneáil agus an coibhneas idir Cumann na Sagart agus na sain réimsí oibre.

### STIÚRTHÓIRÍ

Is iad na Stiúrthóirí a bhainistíonn an Cuideachta ar son na gComhaltaí. Tagann siad le chéile i bhfoirm cruinnithe an Bhoird Stiúrtha ocht n-uair in aghaidh na bliana, ar an mheáin.

Beidh naonúr ar a mhéid, comhaltaí iad go léir, mar stiúrthóirí ag an gCuideachta mar a leanas:

- (a) triúr uathu siúd atá cáilithe faoi “**Comhaltaí (a)**” (thuas)
- (ii) duine amháin uathu siúd atá cáilithe faoi “**Comhaltaí (b)**” (thuas)
- (iii) duine amháin uathu siúd atá cáilithe faoi “**Comhaltaí (c)**” (thuas)
- (iv) duine amháin uathu siúd atá cáilithe faoi “**Comhaltaí (d)**” (thuas)
- (v) cathaoirleach neamhspleách
- (vi) beirt, ar a mhéid, roghnaithe agus comhthofa ag na stiúrthóirí, más mian leo é, go dtí deireadh an chéad chruinniú cinn bhliana eile.

Stiúrthóirí: Pat Carey, Cathaoirleach, An tAth. Séamus Ó hÉanaigh, An tAth. Tadhg Furlong, An Dr Máire Ní Annracháin, Damian Ó Néill, An Dr Máire Ní Chíosáin.

Suíomh ghréasáin: [www.glornangael.ie](http://www.glornangael.ie) Fón: +353 46 943 0974



Bíonn 25% ar a laghad de na stiúrthóirí ina gcónaí sa dá dhlínse in Éirinn agus éiríonn trian ar a laghad de na stiúrthóirí as oifig gach bliain.

### **Coiste Iniúchóireachta Inmheánaí**

Bhunaigh Bord Stiúrtha Ghlór na nGael an Coiste Iniúchóireachta Inmheánaí (CII) mar fho-choiste de chuid an Bhoird le tacú leis a chuid dualgais a chomhlíonadh maidir le dea-chaiteachas airgid, bainistiú priacal agus cloí le rialachas corparáideach, go ginearálta.

Tagann an Coiste Iniúchóireachta Inmheánaí le chéile trí uaire sa bhliain ar a laghad.

#### **Ballraíocht an CII:**

Ceapfaidh an Bord Stiúrtha baill an CII.

Ceapfaidh baill an Choiste Cathaoirleach óna mballraíocht féin nó beidh cead acu Cathaoirleach neamhspleách seachtarach a cheapadh.

#### **Freagrachtaí an CII**

Tabharfaidh an Coiste Iniúchóireachta Inmheánaí comhairle don Bhord agus don Cheannasaí ar:

- Na próisis straitéiseacha a bhaineann le bainistiú priacal, smachtú, rialachas agus an ráiteas ar smachtú inmheánach;
- Na polasaithe cuntasafóchta, na cuntais agus tuarascáil bhliantúil Ghlór na nGael, a chuimsíonn an próiseas ar athbhreithniú ar na cuntais sula ndéantar iniúchadh orthu agus aon earráidí a rinneadh.
- Dearbhuithe a bhaineann le riachtanais rialachais chorparáidigh
- Polasaithe frith-chalaoise, próisis sceitheadh eolais agus socrúithe d'fhiosrúcháin faoi leith;
- Déanfaidh an Coiste Iniúchóireachta Inmheánaí athbhreithniú ar chomh héifeachtach agus atá sé féin agus na torthaí a thuairisciú don bhord.

Stiúrthóirí: Pat Carey, Cathaoirleach, An tAth. Séamus Ó hÉanaigh, An tAth. Tadhg Furlong, An Dr Máire Ní Annracháin, Damian Ó Néill, An Dr Máire Ní Chíosáin.

Suíomh ghréasáin: [www.glornangael.ie](http://www.glornangael.ie) Fón: +353 46 943 0974

